# I DTREO 2030: Ráiteas Straitéise

Oifig an Ombudsman | Oifig an Choimisinéara Faisnéise | Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil | An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí | An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí | Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta


Cosáin Chorparáidigh
Ár bhfís agus luachanna
Ár dtéamaí straitéiseacha comhroinnte
Cuspóirí Oifige Aonair
Pleananna Gnó Bliantúla

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Brollaigh | 2 |
| Réamhrá | 4 |
| Ár bhfís agus luachanna | 6 |
| Ár dtéamaí straitéiseacha comhroinnte | 8 |
| Oifig an Ombudsman | 9 |
| Oifig an Choimisinéara Faisnéise | 10 |
| Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil | 11 |
| An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí | 12 |
| An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí | 13 |
| Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta | 14 |
| Ról ár gCosáin Chorparáidigh | 15 |
| An chaoi ar fhorbraíomar an plean seo | 19 |

# Brollaigh



Mar Ombudsman, mar Choimisinéir Faisnéise, mar Choimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil agus mar Choimisinéir um Nochtadh Cosanta, tá áthas orm an Ráiteas Straitéise seo a roinnt leat. Mar chomhalta den Choimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí agus den Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na cathaoirligh agus na comhaltaí araon as a dtacaíocht leanúnach don oifig.

Mar Ombudsman, mar Choimisinéir Faisnéise, mar Choimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil agus mar Choimisinéir um Nochtadh Cosanta, tá áthas orm an Ráiteas Straitéise seo a roinnt leat. Mar chomhalta den Choimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí agus den Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na cathaoirligh agus na comhaltaí araon as a dtacaíocht leanúnach don oifig.

Cé go bhfuil na sé chomhlacht neamhspleácha sin an-éagsúil lena chéile, is ann dóibh chun comhchuspóra: cothroime, cuntasacht agus trédhearcacht a chur chun cinn sa saol poiblí, i seirbhísí poiblí, agus ar fud na sochaí i gcoitinne. Agus tá muinín ríthábhachtach chun na críche seo. Trínár gcuid oibre, tá sé mar aidhm againn muinín a chothú in institiúidí poiblí ar bhealaí éagsúla: trí athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí a dhéanann comhlachtaí poiblí agus údaráis phoiblí; trína chinntiú go bhfuil na nósanna imeachta cothrom agus trédhearcach; agus trí bhealaí a chur ar fáil do dhaoine a bhfuil gach féidearthacht eile ídithe acu.

> Tá an ról atá againn maidir le muinín a chothú idir an pobal agus institiúidí poiblí thar a bheith tábhachtach faoi láthair ós rud é go bhfuil méadú ag teacht ar dheighilt, ar mhímhuinín agus ar dhíospóireacht dheighilte.

Tá an ról atá againn maidir le muinín a chothú idir an pobal agus institiúidí poiblí thar a bheith tábhachtach faoi láthair ós rud é go bhfuil méadú ag teacht ar dheighilt, ar mhímhuinín agus ar dhíospóireacht dheighilte. Is mór an sólás dúinn gurb é ceann de na téamaí is láidre a eascraíonn as ár gcomhairliúchán maidir lenár Straitéis nua ná oscailteacht ár bhfoirne agus a shochaideartha atá siad. Leag ár suirbhé foirne béim ar chomhghleacaíocht agus ar obair foirne éifeachtach mar láidreachtaí ar fud na heagraíochta, agus mhol ár suirbhéanna seachtracha páirtithe leasmhara do gach ceann de na sé chomhlacht infhaighteacht, tiomantas agus rannpháirtíocht mheasúil ár bhfoirne.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár bhfoireann dá bhrí sin, ní hamháin as a gcuid dualgas a chomhlíonadh go héifeachtach agus go héifeachtúil, ach as an méid sin a dhéanamh le teagmháil phearsanta. Tá mé ag tnúth le bheith ag obair leo go léir chun an straitéis seo a chur i bhfeidhm.

**Ger Deering,**
*Ombudsman agus Coimisinéir Faisnéise*
*Feabhra 2026*



Mar Chathaoirleach ar an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an Coimisiún um Chaighdeáin), cuirim fáilte roimh fhoireann an Choimisiúin um Chaighdeáin a bheith san áireamh sa Ráiteas Straitéise seo. Tá áthas orm go n-aithnítear sa Ráiteas comhluachanna agus neamhspleáchas na nOifigí éagsúla agus tacaíocht chorparáideach Oifig an Ombudsman. Cuirfidh ár gcomhchuspóirí trédhearcacht agus cuntasacht chun cinn sa saol poiblí, ar príomhchuspóir de chuid na reachtaíochta a ndéanann an Coimisiún um Chaighdeáin maoirseacht uirthi é an chéad cheann acu. Táim ag tnúth leis an gCoimisiún um Chaighdeáin a bheith ag rannchuidiú leis an straitéis seo a chur i gcrích.

**An Breitheamh Elizabeth Dunne,**
*Cathaoirleach an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí*
*Feabhra 2026*



Mar Chathaoirleach ar an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí, fáiltím roimh áireamh an Choimisiúin i ráiteas straitéise uileghabhálach, lena gcuimsítear na hOifigí neamhspleácha éagsúla faoi thacaíocht chorparáideach Oifig an Ombudsman. Leis an gcur chuige comhsheasmhach sin, déantar na hoifigí sin uile a ailíniú leis an misean coiteann cothroime, trédhearcacht agus cuntasacht a chur chun cinn maidir le seirbhísí poiblí a sholáthar agus ar fud na sochaí i gcoitinne. Cuirfidh sé ar chumas na n-oifigí sin leanúint de thacaíocht a thabhairt don tseirbhís phoiblí níos leithne chun ár gcomhspriocanna a bhaint amach. Táim ag tnúth le cuidiú leis an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí chun an straitéis seo a chur i bhfeidhm.

**Verona Murphy,**
*Ceann Comhairle, Cathaoirleach an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí*
*Feabhra 2026*

# Réamhrá

Is tasc casta é straitéis a chruthú atá oiriúnach d'obair sé chomhlacht reachtúla éagsúla, rud a éilíonn orainn am a chaitheamh ag machnamh ar an méid a aontaíonn muid mar eagraíocht, agus misean neamhspleách gach comhlachta reachtúil a ghabháil go soiléir san am céanna. Ár mbuíochas ó chroí le gach duine a chuidigh lena forbairt lena gcuid ama, lena bhfuinneamh agus lena smaointe.

Is iad seo a leanas na sé chomhlacht atá againn

**Oifig an Ombudsman,** a dhéanann imscrúdú ar ghearáin seirbhíse poiblí;

**Oifig an Choimisinéara Faisnéise,** a dhéanann athbhreithniú ar chinntí um Shaoráil Faisnéise ag comhlachtaí poiblí;

**Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil,** a dhéanann athbhreithniú ar chinntí a dhéanann údaráis phoiblí maidir le hiarrataí ar fhaisnéis faoin gcomhshaol;;

An **Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí,** a dhéanann maoirseacht ar an reachtaíocht maidir le heitic, toghcháin, airgeadas stáit agus brústocaireacht;

An **Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí,** a rialaíonn earcaíocht agus roghnú i seirbhís phoiblí na hÉireann;

**Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta,** a éascaíonn tuairiscí ar éagóir san ionad oibre.

Tá gach ceann de na hOifigí sin neamhspleách, ach tacaíonn 'cosán corparáideach' comhroinnte leo. Cuireann ár gcomhghleacaithe i nDlí, Acmhainní Daonna, Airgeadas, TFC, Soláthar, Saoráidí, Cumarsáid agus Cáilíocht saintacaíocht ar fáil dúinn. Cuireann sé seo ar ár gcumas leas a bhaint as saineolas níos leithne agus as acmhainní níos fearr ná mar a bheadh súil ag gach Oifig aonair a bheith acu dá mbeidís ag obair ina n-aonar, agus san am céanna neamhspleáchas gach comhlachta reachtúil a chosaint inár gcroí-obair uile.

Faraor, an 11 Nollaig 2025, rinneadh ionsaí randamach cibearshlándála ar chuid de chórais TF ár nOifige. Nuair a tháinig ár nOifig ar an eolas faoin eachtra ba iad ár dtosaíochtaí ar dtús sonraí na ndaoine a bhíonn ag brath ar sheirbhísí ár nOifige a chosaint agus ar an dara dul síos seirbhísí a athbhunú go sábháilte. Baineadh an dá chuspóir seo amach sa ghearrthéarma, ach sa mheántéarma fágfaidh tionchar an ionsaithe go mbeidh agaí próiseála do chásanna i gcuid dár nOifigí níos faide ná mar is gnách. Maidir lenár bpleananna TF, bhíomar tiomanta cheana féin do Phlean na Seirbhísí Poiblí Digiteacha 2030 agus anois tá sé beartaithe againn a bheith níos uaillmhianaí fós inár gclár oibre digiteach, sna réimsí sin dár gcuid oibre ina dtacaíonn an reachtaíocht leis.

Maidir le struchtúr na Straitéise, leagamar amach ar dtús ár bhfís, ár luachanna agus ár gceithre théama straitéiseacha chomhroinnte. Cuireann gach ceann de na comhlachtaí reachtúla, chomh maith le gach cuid dár 'cosán corparáideach', a gcuspóirí i láthair ansin, agus nascann gach cuspóir ar ais le ceann dár dtéamaí straitéiseacha comhroinnte. Ar deireadh, leagaimid amach an méid atá beartaithe againn a dhéanamh chun dul i ngleic leis an athrú aeráide, agus chun comhionannas agus meas ar chearta an duine a chur chun cinn.

Díreoimid ar 'duine' i gcearta an duine inár gcuid oibre, agus leanfaimid de mheas, comhbhá agus meas ar dhaoine eile a chur chun cinn agus a léiriú. Tá sé seo níos dúshlánaí agus níos tábhachtaí ná riamh. Tá an teicneolaíocht ag dul chun cinn go gasta agus cé go bhfuil sé ar intinn againn glacadh le forbairtí nua, d'fhonn níos mó luacha agus éifeachtúlachta a sholáthar maidir leis an gcaoi a n-oibrímid, ní stopfaimid de bheith ag díriú ar thábhacht theagmhálacha an duine atá fós i gcroílár an méid a dhéanaimid.

Ar an gcaoi chéanna, féachfaimid le cumhacht a thabhairt dár bhfoireann nuáil a dhéanamh - smaointe nua a mholadh, a thriail agus a chur i bhfeidhm de réir mar a leanaimid orainn ag iarraidh feabhas a chur ar sholáthar ár seirbhísí. Ní gá gur tionscnaimh mhórscála an príomhphointe anseo, ach spásanna sábháilte a chruthú don fhoireann ar gach leibhéal chun dúshlán a thabhairt do na noirm, smaointe nua a chur ar fáil, agus teacht ar réitigh chun seirbhísí agus próisis a fheabhsú ar bhealaí móra agus beaga araon.

Déanaimid ár ndícheall i gcónaí atmaisféar comhghleacúil a chur chun cinn, agus deiseanna a thabhairt dár bhfoireann comhoibriú agus oibriú le chéile ar shaincheisteanna leathana. Bhí rannpháirtíocht mhór ó gach cuid den Oifig i bhforbairt an Ráitis Straitéise seo. Agus muid ag tnúth leis na deiseanna agus na dúshláin a bheidh ann sna blianta amach romhainn, tá mé buíoch as tacaíocht ár bhfoirne uile, an Ombudsman, agus an Choimisiúin um Chaighdeáin agus Choimisinéirí an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí, chun na gealltanais atá déanta againn a chomhlíonadh.



**Elaine Cassidy,**
*Ard-Stiúrthóir*

# Ár bhfís agus luachanna

Is í an fhís atá againn cothroime, trédhearcacht agus cuntasacht a chur chun cinn sa saol poiblí, i soláthar seirbhísí poiblí agus ar fud na sochaí i gcoitinne.

## Is iad seo a leanas na luachanna atá againn:



### Neamhspleáchas

Táimid tiomanta do neamhspleáchas praiticiúil agus inléirithe a chinntiú agus ár bhfeidhmeanna á ndéanamh againn ar fud ár n-oifigí reachtúla uile.

### Béim ar dhaoine

Beidh béim láidir againn ar ár luachanna agus ar dhaonnacht na ndaoine aonair atá i gcroílár ár gcuid oibre, bíodh siad sin ina mbaill den phobal, ina státseirbhísigh agus ina seirbhísigh phoiblí, nó inár bhfoireann féin. Déanaimid ár ndícheall a bheith sochaideartha, inrochtana agus pearsanta sna seirbhísí a chuirimid ar fáil.

### Cothroime

Beimid i dteagmháil go cothrom le comhlachtaí poiblí, leis an bpobal agus lenár bhfoireann féin. Éistfimid go cúramach le gach taobh, agus déanfaimid cinntí neamhchlaonta bunaithe ar fhianaise ábhartha.

### Meas

Is minic a oibrímid le cuid de na baill is imeallaithe den tsochaí, agus leo siúd a bhfuil gach bealach eile atá oscailte dóibh ídithe acu. Táimid tiomanta a chinntiú go gcaithimid le gach duine le meas agus le dínit, lena n-áirítear tosú leis an toimhde go bhfuil gach duine lena mbaineann ag gníomhú de réir mar is fearr leo.

### Ionracas

Táimid ag iarraidh na caighdeáin eiticiúla is airde a choinneáil agus gníomhú le macántacht agus le hionracas. Táimid trédhearcach, oscailte agus fírinneach maidir leis an gcaoi a gcuirimid ár seirbhísí ar fáil, agus meas againn ar íogaireacht na faisnéise a fhaighimid.

# Cén chuma atá ar na luachanna sin go praiticiúil?

## Neamhspleáchas · Béim ar Dhaoine · Cothroime · Meas · Ionracas

Mhol freagróirí ar shuirbhéanna seachtracha do gach ceann de na sé chomhlacht rannpháirtíocht mhachnamhach ár bhfoirne agus an tuiscint ar chothromaíocht freagrachtaí agus ceart maidir le seirbhísí poiblí a sholáthar

*"Tá rannpháirtíocht an-dearfach, mheasúil agus chuiditheach lenár n-eagraíocht agus tá go leor fianaise ann go bhfuil tuiscint dhomhain ann ar na dúshláin a bhaineann le seirbhísí a sholáthar agus, san am céanna, cearta na saoránach a choinneáil agus a dhualgais a chomhlíonadh ar bhealach cothrom."*

Soláthraí Seirbhíse Poiblí

Ba cheart go mbeadh luachanna le feiceáil go hinmheánach agus go seachtrach in eagraíocht agus mhol ár suirbhé foirne obair foirne dhearfach, cumarsáid oscailte agus fíormhian seirbhísí poiblí a fheabhsú.

*'Ní thugtar suntas do roinnt daoine, tá a fhios agat, agus is féidir linn cuidiú leo'*

ball foirne an Ombudsman

Fágann ár luachanna go nglacaimid cur chuige daonna chun gach cás a athbhreithniú. Is féidir linn breathnú níos faide ná na 'téarmaí agus na coinníollacha' ar an mbuncheist 'cad is cóir'.

*'Fiú nuair nach ndéanaimid cinneadh i bhfabhar iarratasóra, táimid ag cur muinín sa chóras chun cinn trína scrúdú.'*

Ball foirne Oifig an Choimisinéara Faisnéise

Is éard atá i gcuid mhaith dár gcuid oibre ná scrúdú neamhspleách a dhéanamh ar chinntí a rinne comhlachtaí poiblí, tuiscint agus míniú a thabhairt ar an bhfáth ar ghlac siad an cinneadh sin. Tugann sé seo léargas ar an bpróiseas, rud a dhearbhaíonn go ndearnadh cinntí de mheon macánta.

# Ár dtéamaí straitéiseacha comhroinnte



## 1 Seirbhísí poiblí níos fearr

Cuirfimid na seirbhísí poiblí is fearr is féidir ar fáil inár gcuid oibre féin trí bheith ag tacú le cinntí agus nósanna imeachta éifeachtacha, trédhearcacha agus tráthúla. Beidh sé mar aidhm againn ár bpróisis a dhéanamh éifeachtúil agus inrochtana dóibh siúd a bhíonn i dteagmháil linn, lena n-áirítear baill den phobal agus na comhlachtaí poiblí a mbímid ag obair leo. Coinneoimid leas an phobail i gcroílár gach rud a dhéanaimid.

## 2 Feasacht agus rannpháirtíocht

Féachfaimid le feabhsuithe córasacha a dhéanamh ar sheirbhísí poiblí níos leithne agus ar an saol poiblí, trí rannpháirtíocht struchtúrtha le comhlachtaí poiblí agus le páirtithe leasmhara eile. Oibreoimid freisin chun feasacht agus tuiscint na bpáirtithe leasmhara ar ár bhfeidhmeanna agus ar na prionsabail a seasaimid leo a mhéadú, agus aird ar leith á tabhairt ar na daoine is imeallaithe sa tsochaí.

## 3 Foireann a dtacaítear léi agus atá nuálach

Déanfaimid ár ndaoine a chumhachtú, a chumasú agus a ullmhú chun barr a gcumais a bhaint amach laistigh den eagraíocht. Cothóimid cultúr d'athrú dearfach agus nuálaíocht inár lucht saothair, á chinntiú go mbeidh ról lárnach ag ár bhfoireann maidir le seirbhísí poiblí a fheabhsú.

## 4 Seachadadh atá Cumasaithe ag an Teicneolaíocht

Bainfimid leas as forbairtí teicneolaíochta digití chun luach agus éifeachtúlacht a sholáthar dár n-úsáideoirí seirbhíse agus dár bhfoireann, chun tacú ar bhealach níos fearr le seachadadh ár straitéise agus ár n-uaillmhianta. Déanfaimid dearadh don Chibearshlándáil ar fud ár ngníomhaíochtaí digiteacha agus teicneolaíochta uile.

# Oifig an Ombudsman

## Gearáin seirbhíse poiblí a imscrúdú:

Déanann Oifig an Ombudsman imscrúdú ar ghearáin ó dhaoine den phobal a chreideann gur chaith soláthraithe seirbhíse poiblí áirithe go míchothrom leo. Déanann an tOmbudsman imscrúdú freisin ar ghearáin faoin Acht um Míchumas 2005 faoi mhainneachtain comhlachtaí poiblí foirgnimh, seirbhísí agus faisnéis inrochtana a sholáthar. Féachaimid le cothroime agus ionchuimsiú a chur chun cinn, agus feabhas a chur ar sheirbhísí poiblí, trí cheachtanna a foghlaimíodh ó ghearáin aonair agus ó imscrúduithe ár dtionscnaimh féin.

| | Cuspóir | Téama straitéiseach |
|---|---|---|
| 1 | Imscrúduithe tráthúla, cruinne agus críochnúla a dhéanamh; moltaí dea-réasúnaithe soiléire a dhéanamh; agus teagmháil dhearfach a dhéanamh le comhlachtaí poiblí chun a chinntiú go gcuirtear ár moltaí i bhfeidhm. | Seirbhísí poiblí níos fearr |
| 2 | Imscrúduithe agus tionscadail féintionscnaimh a dhéanamh agus a thuairisciú, chun aird a tharraingt ar shaincheisteanna sistéamacha sna seirbhísí poiblí agus chun aghaidh a thabhairt orthu. | Seirbhísí poiblí níos fearr |
| 3 | A chinntiú go gcuirtear tacaíochtaí agus deiseanna ar fáil do bhaill foirne nua agus do bhaill foirne atá ann cheana, rud a fheabhsóidh a gcumas chun cuidiú lena bhforbairt féin agus chun freastal ar riachtanais athraitheacha an phobail. | Foireann a dtacaítear léi agus atá nuálach |
| 4 | Cultúr agus timpeallacht oibre atá dearfach, nuálach agus ionchuimsitheach a chur chun cinn san ionad oibre. | Foireann a dtacaítear léi agus atá nuálach |
| 5 | Measúnú comhsheasmhach a dhéanamh ar ár gcórais TFC agus iniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna a bhaineann le forbairtí atá ag teacht chun cinn i réimse na teicneolaíochta faisnéise. | Seachadadh atá Cumasaithe ag an Teicneolaíocht |
| 6 | Tionscnaimh for-rochtana a fhorbairt agus a sheachadadh chun feabhas a chur ar fhoghlaim chómhalartach idir ár nOifig, soláthraithe seirbhíse poiblí agus páirtithe leasmhara 3ú páirtí eile, grúpaí sainleasa agus an pobal i gcoitinne. | Feasacht agus rannpháirtíocht |

# Oifig an Choimisinéara Faisnéise

## Tacú leis an gceart chun faisnéise:

Déanann Oifig an Choimisinéara Faisnéise athbhreithnithe neamhspleácha ar chinntí a dhéanann comhlachtaí poiblí maidir le hiarratais um Shaoráil Faisnéise.

| | Cuspóir | Téama straitéiseach |
|---|---|---|
| **1** | Cinntí tráthúla, cruinne agus dea-bhunaithe a dhéanamh maidir le hathbhreithnithe. | Seirbhísí poiblí níos fearr |
| **2** | Clár for-rochtana leathan a fhorbairt agus a chur chun feidhme a thuilleadh chun feabhas a chur ar an rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara. | Seirbhísí poiblí níos fearr<br>Feasacht agus rannpháirtíocht |
| **3** | Rannpháirtíocht lárnach a chinntiú san athbhreithniú ar an Acht um Shaoráil Faisnéise. | Seirbhísí poiblí níos fearr |
| **4** | Tacaíochtaí inmheánacha feabhsaithe agus deiseanna forbartha a chur ar fáil d'fhoireann Oifig an Choimisinéara Faisnéise. | Foireann a dtacaítear léi agus atá nuálach |
| **5** | Bunachar sonraí nua bainistíochta eolais Oifig an Choimisinéara Faisnéise a fhorbairt agus a thógáil. | Foireann a dtacaítear léi agus atá nuálach |
| **6** | Deiseanna a shainaithint agus nósanna imeachta iomchuí a chur i bhfeidhm maidir leis an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an intleacht shaorga inár gcuid oibre | Seirbhísí poiblí níos fearr<br>Foireann a dtacaítear léi agus atá nuálach<br>Seachadadh atá Cumasaithe ag an Teicneolaíocht |

# Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis ComhshaoilInformation

## Rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol a chinntiú:

Déanann Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil athbhreithnithe neamhspleácha ar chinntí a dhéanann údaráis phoiblí maidir le hiarrataí ar fhaisnéis faoin gcomhshaol.

| | Cuspóir | Téama straitéiseach |
|---|---|---|
| 1 | Cinneadh cruinn agus dea-bhunaithe a thabhairt maidir le hachomhairc. | Seirbhísí poiblí níos fearr |
| 2 | Leanúint dár bpróisis a nuáil agus a chuíchóiriú chun a chinntiú go ndéantar cinntí go tráthúil. | Seirbhísí poiblí níos fearr |
| 3 | Tuiscint níos fearr ar oibleagáidí maidir le rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol a chur chun cinn, go háirithe maidir le foilsiú réamhghníomhach faisnéise ag údaráis phoiblí. | Feasacht agus rannpháirtíocht<br>Seirbhísí poiblí níos fearr |
| 4 | Tacú le páirtithe leasmhara maidir le rochtain ar an bpróiseas faisnéise comhshaoil trí acmhainní atá cothrom le dáta agus inrochtana a fhorbairt agus trí dhul i dteagmháil go díreach le húdaráis phoiblí i gcás inarb iomchuí. | Feasacht agus rannpháirtíocht<br>Seachadadh atá Cumasaithe ag an Teicneolaíocht |
| 5 | Leanúint de thacaíochtaí agus oiliúint a chur ar fáil d'fhoireann Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil, mar aon le béim mhéadaithe ar mhalartú eolais i measc na foirne agus ar bhonn níos forleithne. | Foireann a dtacaítear léi agus atá nuálach |
| 6 | Féachaint ar dheiseanna chun foghlaim faoi rochtain ar dhlí faisnéise comhshaoil agus faoi dhea-chleachtas i ndlínsí eile. | Seirbhísí poiblí níos fearr<br>Foireann a dtacaítear léi agus atá nuálach |
| 7 | Deiseanna a shainaithint agus nósanna imeachta iomchuí a chur i bhfeidhm maidir leis an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an intleacht shaorga inár gcuid oibre. | Seirbhísí poiblí níos fearr<br>Foireann a dtacaítear léi agus atá nuálach<br>Seachadadh atá Cumasaithe ag an Teicneolaíocht |

# An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

## Trédhearcacht agus cuntasacht a chur chun cinn sa saol poiblí:

Déanann an Coimisiún um Chaighdeáin maoirseacht ar reachtaíocht maidir leis na nithe seo a leanas Eitic, Toghcháin, Maoiniú stáit agus Brústocaireacht.

Tacaíonn an fhoireann leis an gCoimisiún um Chaighdeáin chun treoir agus comhairle a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara; maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh agus ar fháil tuairisceán reachtúil ó dhaoine aonair agus ó eagraíochtaí; aisíocaíocht costas toghcháin a phróiseáil, a fhoilsiú agus a fhormheas; agus gearáin a phróiseáil.  Déanann baill foirne an Clár Brústocaireachta a choinneáil agus a thabhairt cothrom le dáta freisin agus tugann siad faoi ghníomhaíochtaí for-rochtana chun a chinntiú gur féidir leo siúd a bhfuil oibleagáidí orthu faoin reachtaíocht a ndéanann an Coimisiún um Chaighdeáin maoirseacht uirthi an reachtaíocht sin a thuiscint agus a chomhlíonadh.

| | Cuspóir | Téama straitéiseach |
|---|---|---|
| 1 | Sainordú rialála a chomhlíonadh i ndáil le brústocaireacht, eitic agus cúrsaí toghcháin, agus tacú leis an gCoimisiún um Chaighdeáin comhlíonadh a fheabhsú ar fud gach ceann de na réimsí sin. | Seirbhísí poiblí níos fearr |
| 2 | Treoirlínte, comhairle agus Ceisteanna Coitianta atá soiléir, cuimsitheach agus tráthúil a fhorbairt i gcomhréir le hathrú reachtach agus beartas an Choimisiúin um Chaighdeáin. | Seirbhísí poiblí níos fearr |
| 3 | Leanúint ar aghaidh le cláir for-rochtana chun<br>**1.** a chinntiú go bhfuil daoine a bhfuil ceanglais acu faoin reachtaíocht ábhartha ar an eolas faoina gceanglais agus go dtuigeann siad iad; agus<br>**2.** feasacht a mhéadú ar ról an Choimisiúin um Chaighdeáin maidir le trédhearcacht agus cuntasacht a chur chun cinn dóibh siúd a bhfuil baint acu leis an saol poiblí. | Feasacht agus rannpháirtíocht |
| 4 | Athbhreithniú a dhéanamh ar na próisis atá ann faoi láthair agus deiseanna a shainaithint le haghaidh éifeachtúlachtaí agus cuíchóiriú a eascraíonn as nuachóiriú ár dteicneolaíochta agus ár ndigiteála. | Seachadadh atá Cumasaithe ag an Teicneolaíocht |
| 5 | Cultúr a chruthú ina dtacaítear leis an bhfoireann chun próisis agus nósanna imeachta a athbhreithniú agus a fheabhsú go leanúnach agus chun cur ar chumas na foirne páirt a ghlacadh in oiliúint bhreise. | Seirbhísí poiblí níos fearr<br>Foireann a dtacaítear léi agus atá nuálach |

# An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí

## Earcaíocht agus roghnú na hearnála poiblí a chosaint:

Cinntíonn an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí go mbíonn ceapacháin chuig poist sa tseirbhís phoiblí cothrom agus trédhearcach. Tá sé mar aidhm againn tacú le seachadadh éifeachtach seirbhísí poiblí trí dhea-chleachtas san earcaíocht agus sa roghnú a chur chun cinn i gcónaí.

| | Cuspóir | Téama straitéiseach |
|---|---|---|
| 1 | Sainordú rialála an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí a chomhlíonadh maidir le hearcaíocht san earnáil phoiblí, lena n-áirítear athbhreithnithe a dhéanamh, obair leantach a dhéanamh ar nochtuithe cosanta agus bealaí a shainaithint chun feabhas a chur ar na próisis sin. | Seirbhísí poiblí níos fearr |
| 2 | Athbhreithniú agus nuachóiriú a dhéanamh ar an gCód Cleachtais chun a chinntiú go bhfuil sé oiriúnach dá fheidhm, lena bhforáiltear d'earcú cothrom agus trédhearcach daoine tréitheacha agus tiomanta chuig poist sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí. | Seirbhísí poiblí níos fearr |
| 3 | Clár rialála réamhghníomhach a choinneáil le haghaidh earcaíochta sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí, lena n-áirítear ceadúnais earcaíochta a dhámhachtain go cúramach, chomh maith le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh sealbhóirí ceadúnas earcaíochta agus gníomhaireachtaí ceadaithe. | Seirbhísí poiblí níos fearr |
| 4 | Teagmháil a dhéanamh le hearcaitheoirí san earnáil phoiblí, le hiarrthóirí, le Poist Phoiblí, agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin chun dea-chleachtas a chur chun cinn. | Feasacht agus rannpháirtíocht |
| 5 | Tacaíochtaí, oiliúint agus deiseanna forbartha a sholáthar do gach ball foirne, agus monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil agus struchtúir foirne chun seasmhacht agus éifeachtacht a chinntiú i bhfoireann bheag. | Foireann a dtacaítear léi agus atá nuálach |
| 6 | Athbhreithniú a dhéanamh ar na próisis atá ann faoi láthair agus deiseanna a shainaithint le haghaidh éifeachtúlachtaí agus cuíchóiriú a eascraíonn as nuachóiriú ár dteicneolaíochta. | Seachadadh atá Cumasaithe ag an Teicneolaíocht |

# Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta

## Tuairiscí ar éagóir san ionad oibre a éascú.

Tarchuireann Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta tuarascálacha ar éagóir a bhaineann leis an obair chuig an gcomhlacht is oiriúnaí chun measúnú tosaigh agus obair leantach a dhéanamh orthu. I gcás ina measann an Coimisinéir nach bhfuil aon duine cuí ann, glacfaidh an Coimisinéir leis an tuarascáil chun obair leantach a dhéanamh air é féin, mar fhaighteoir na rogha deiridh.

| | Cuspóir | Téama straitéiseach |
|---|---|---|
| **1** | Tuarascálacha ar éagóir a tharchur chuig an bhfaighteoir / na faighteoirí is iomchuí laistigh de na spriocdhátaí reachtúla, nósanna imeachta a choinneáil faoi athbhreithniú rialta agus iad a choigeartú nuair is iomchuí mar fhreagairt ar threochtaí atá ag teacht chun cinn. | Seirbhísí poiblí níos fearr |
| **2** | Cur chuige athbhreithnithe agus tráthúlacht a fheabhsú maidir le hobair leantach a dhéanamh ar thuarascálacha a nglacann an Coimisinéir leo mar fhaighteoir na rogha deiridh. | Seirbhísí poiblí níos fearr |
| **3** | Cultúr cuntasachta, ionracais agus trédhearcachta a chur chun cinn trí fhostóirí ar fud na hearnála poiblí agus príobháidí a spreagadh chun obair leantach chuí a dhéanamh ar thuairiscí maidir le héagóir a rinne oibrithe a luaithe is féidir. | Feasacht agus rannpháirtíocht |
| **4** | Faisnéis agus acmhainní a chur ar fáil, trínár suíomh gréasáin agus ár bhfor-rochtain, chun cuidiú le daoine tuairiscithe agus leo siúd a fhaigheann tuairiscí tuiscint níos fearr a fháil ar chastachtaí an chórais nochta chosanta in Éirinn agus oibriú tríothu. | Feasacht agus rannpháirtíocht |
| **5** | Páirt ghníomhach a ghlacadh san athbhreithniú reachtúil ar an Acht um Nochtadh Cosanta, 2014. | Seirbhísí poiblí níos fearr<br>Feasacht agus rannpháirtíocht |
| **6** | A chinntiú go bhfuil oiliúint leordhóthanach ar gach duine ainmnithe agus go dtugtar deiseanna dóibh tuilleadh forbartha a dhéanamh, agus go ndéantar monatóireacht rialta ar leibhéil foirne agus ar struchtúir foirne chun seasmhacht a chinntiú i bhfoireann bheag a oibríonn laistigh de sprioc-amanna reachtúla dochta. | Foireann a dtacaítear léi agus atá nuálach |

# Ról ár gCosáin Chorparáidigh

Cé go gcuireann gach ceann de na hOifigí feidhmeanna reachtúla ar leith i gcrích, comhroinnimid creat corparáideach faoi rúibric Oifig an Ombudsman. Maoinítear an Oifig ar bhonn vóta díreach an Státchiste, seachas ar bhonn foinsí eile amhail deontais i gcabhair. Dá bhrí sin, ní bhíonn an Oifig ag brath ar Roinn ná ar Aire chun maoiniú a fháil.

Cuireann sé sin ar ár gcumas 'cosán corparáideach' láidir a chur ar fáil a chuireann le neamhspleáchas mór na gcomhlachtaí reachtúla, agus a chuireann tacaíocht TFC, acmhainní daonna, airgeadas, soláthar, seirbhísí dlí, cumarsáid, saoráidí agus dearbhú cáilíochta ar fáil dóibh. Trí na príomhsheirbhísí seo a roinnt ar fud ár nOifige, cuirtear éifeachtúlacht agus luach ar fáil don phobal, agus san am céanna cuirtear ar chumas fhoireann na gcomhlachtaí neamhspleácha díriú ar a bpríomhchuspóirí.

Anseo thíos, leagaimid amach ár bpríomhchuspóirí maidir le ceithre phríomhréimse dár gcuid oibre sa chosán corparáideach: Daoine agus Cultúr; TFC; Seirbhísí Dlí agus Cáilíocht, Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara agus Cumarsáid. Geallaimid freisin rialachas láidir airgeadais agus luach ar airgead a choinneáil agus a chinntiú go bhfuil ár gcláir agus ár bpróisis chomh héifeachtúil agus is féidir, chun freastal ar an bhfoireann ar fud na heagraíochta ar an mbealach is fearr.

## Daoine, Cultúr & Ionracas

Déanfaimid ár ndaoine a chumhachtú, a chumasú agus a ullmhú chun barr a gcumais a bhaint amach laistigh den eagraíocht. Cothóimid cultúr d'athrú dearfach agus nuálaíocht inár lucht saothair, á chinntiú go mbeidh ról lárnach ag ár bhfoireann maidir le seirbhísí poiblí a fheabhsú.

| | Cuspóir | Téama straitéiseach |
|---|---|---|
| 1 | Rialachas airgeadais comhlíontach agus éifeachtúil a chinntiú lena gcuimsítear soláthar glas agus bainistiú conarthaí ata bunaithe ar luach | Seirbhísí poiblí níos fearr. |
| 2 | Plean le haghaidh Lucht Saothair na Todhchaí lena gcinnteofar fostú tráthúil agus lena gcinnteofar go mbeidh an oiliúint scileanna agus na dálaí oibre is fearr is féidir ag ár bhfoireann. | Foireann a dtacaítear léi agus atá nuálach Seirbhísí poiblí níos fearr |
| 3 | Cultúr ardfheidhmíochta a chumasú, ár ndaoine a chumhachtú chun barr a gcumais a bhaint amach, agus a chinntiú go bhfuil ár bpróisis éifeachtúil agus tráthúil. | Foireann a dtacaítear léi agus atá nuálach Seirbhísí poiblí níos fearr |
| 4 | Folláine, comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú foirne a chur chun cinn, trí líonraí foirne agus ionadaithe, agus oiliúint ionchuimsitheach ceannaireachta. | Foireann a dtacaítear léi agus atá nuálach. |
| 5 | Saoráidí sábháilte, éifeachtúla agus inbhuanaithe a choinneáil. | Foireann a dtacaítear léi agus atá nuálach Seirbhísí poiblí níos fearr. |

## TFC

Bainfimid leas as forbairtí teicneolaíochta digití chun luach agus éifeachtúlacht a sholáthar dár n-úsáideoirí seirbhíse agus dár bhfoireann agus chun tacú ar bhealach níos fearr le seachadadh ár straitéise agus ár n-uaillmhianta. Beidh an chibearshlándáil ina bunphrionsabal ar fud na dtionscnamh teicneolaíochta agus digiteach uile lena gcinnteofar muinín, seasmhacht agus comhlíonadh trí dhearadh. Beidh na ceithre phríomhchuspóir seo a leanas inár straitéis TFC.

| | Cuspóir | Téama straitéiseach |
|---|---|---|
| 1 | Córais a nuachóiriú agus a dhaingniú, ardáin a chaighdeánú agus oibríochtaí a uathoibriú. | Seachadadh atá Cumasaithe ag an Teicneolaíocht |
| 2 | Seasmhacht cibearshlándála ar ardchaighdeán a chinntiú agus ailíniú iomlán a dhéanamh le treoracha NIS2. | Seachadadh atá Cumasaithe ag an Teicneolaíocht |
| 3 | Rialachas sonraí fiontair a bhunú chun intleacht shaorga a chumasú agus cáilíocht sonraí a fheabhsú, agus comhlíonadh RGCS agus comhroinnt shlán sonraí á neartú san am céanna. | Seachadadh atá Cumasaithe ag an Teicneolaíocht |
| 4 | Smaointeoireacht dearaidh atá dírithe ar an úsáideoir agus béim ar luach gnó a úsáid i ngach tionscnamh. | Seachadadh atá Cumasaithe ag an Teicneolaíocht |

## Seirbhísí Dlí

Tacóimid le gach oifig a feidhmeanna a dhéanamh agus a cuspóirí a bhaint amach go rathúil, laistigh de riail an dlí. Cuirfimid seirbhísí dlí éifeachtacha ar ardchaighdeán ar fáil do gach oifig agus bainfimid luach ar airgead amach agus seirbhísí dlí seachtracha á soláthar againn. Oibreoimid i gcomhar leis an bhfoireann chun a cuspóirí a thuiscint agus chun tacú lena cinnteoireacht, sa chaoi gur féidir léi cinntí fónta a dhéanamh atá neamhchlaonta, cothrom agus a dtacaíonn an dlí leo.

| | Cuspóir | Téama straitéiseach |
|---|---|---|
| 1 | Seirbhís dlí ar ardchaighdeán atá dírithe ar réitigh a sholáthar do gach oifig, chun tacú leo a gcuspóirí a bhaint amach go dleathach agus chun luach maith ar airgead a bhaint amach agus seirbhísí dlí á soláthar acu | Seirbhísí poiblí níos fearr |
| 2 | Caidrimh mhuiníneacha a fhorbairt agus a choinneáil leis an bhfoireann i ngach oifig, agus le páirtithe leasmhara seachtracha nuair is cuí, chun úsáid éifeachtach ár seirbhísí agus seirbhísí poiblí gach oifige a spreagadh | Feasacht agus rannpháirtíocht |
| 3 | Cultúr cruthaitheachta agus forbartha leanúnaí a chothú, sa chaoi gur féidir linn tacú leis an bhfoireann seirbhísí gairmiúla ar ardchaighdeán a sholáthar | Foireann a dtacaítear léi agus atá nuálach |
| 4 | Réitigh TFC a shainaithint agus glacadh leo chun éifeachtúlacht ár seirbhísí dlí a fheabhsú agus chun seasmhacht na foirne a fhorbairt | TCF sármhaith |

## Cáilíocht, Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara agus Cumarsáid

Féachfaimid lena chinntiú gur féidir le gach earnáil den tsochaí teagmháil a dhéanamh lenár nOifig go héasca. Cinnteoimid go leanfaidh ár suíomhanna gréasáin de bheith dírithe ar an úsáideoir, éasca le tuiscint, agus go gcuirfidh siad faisnéis ábhartha agus cothrom le dáta ar fáil.

Tacóimid le cumarsáid inmheánach láidir a spreagann rannpháirtíocht na foirne agus a chuireann sreabhadh maith faisnéise chun cinn ar fud na heagraíochta. Féachfaimid le cáil na hOifige a fheabhsú a thuilleadh mar eagraíocht neamhspleách, chothrom a bhfuil tionchar aici, agus cinnteoimid go seachadfar ár seirbhísí ar ardchaighdeán atá dírithe ar an gcustaiméir. Beidh na príomhchuspóirí seo a leanas againn:

| | Cuspóir | Téama straitéiseach |
|---|---|---|
| 1 | Leanúint de mhonatóireacht a dhéanamh ar fheasacht ar sheirbhís an Ombudsman, agus ar rannpháirtíocht le seirbhís an Ombudsman, ag grúpaí sochaíocha éagsúla. Teagmháil a dhéanamh le hionadaithe ó ghrúpaí imeallaithe faoi ghannionadaíocht. | Feasacht agus rannpháirtíocht |
| 2 | Tacú le gach ceann de na sé chomhlacht reachtúla lena riachtanais chumarsáide agus rannpháirtíochta lena n-áirítear tuarascálacha bliantúla, tuarascálacha imscrúdaithe agus tuarascálacha eile a dhearadh agus a phoibliú agus gníomhaíochtaí agus imeachtaí a eagrú. | Feasacht agus rannpháirtíocht<br>Seirbhísí poiblí níos fearr |
| 3 | Leanúint de láithreacht gréasáin gach comhlachta reachtúil a fheabhsú agus a fheabhsú. | Feasacht agus rannpháirtíocht<br>Seachadadh atá Cumasaithe ag an Teicneolaíocht |
| 4 | Foireann cáilíochta, rannpháirtíochta páirtithe leasmhara agus cumarsáide sheasmhach agus chomhghleacúil a choinneáil trína chinntiú go bhfuil an tacaíocht agus an oiliúint a theastaíonn uaithi ag an bhfoireann agus go bhfuil sé de chumhacht aici bealaí nuálacha oibre a mholadh. | Foireann a dtacaítear léi agus atá nuálach |
| 5 | Rannchuidiú le rannpháirtíocht dhearfach na foirne agus sreabhadh maith faisnéise a chur chun cinn ar fud na heagraíochta trí fheasacht a chruthú i measc na foirne uile maidir le spriocanna agus forbairtí ábhartha na heagraíochta agus trí acmhainn chomhroinnte faisnéise a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. | Seirbhísí poiblí níos fearr<br>Foireann a dtacaítear léi agus atá nuálach |
| 6 | I gcomhréir lenár Luach ‘Béim ar Dhaoine’, cuidiú le béim chustaiméir-lárnach a leabú ar fud Oifig an Ombudsman, agus cleachtais seirbhíse do chustaiméirí atá ar ardchaighdeán, ionchuimsitheach agus freagrúil agus a fhreastalaíonn ar riachtanais na gcustaiméirí á ndearadh agus á gcur chun feidhme. | Seirbhísí poiblí níos fearr |

## Comhionannas agus Cearta an Duine

Ceanglaítear ar gach soláthraí seirbhíse poiblí comhionannas a chur chun cinn agus cearta an duine a chosaint, de réir Dhualgas na hEarnála Poiblí. Feicimid é seo ní hamháin mar oibleagáid dhlíthiúil, ach mar riachtanas morálta, agus ceann atá lárnach dár misean cothroime, trédhearcacht agus cuntasacht a chur chun cinn i seachadadh seirbhísí poiblí agus ar fud na sochaí i gcoitinne.

Ba é ár bpríomhghníomhaíocht inár Straitéis dheireanach samhail um chearta an duine a fhorbairt le húsáid i gcóras láimhseála gearán an Ombudsman. Tá an treoir don mhúnla seo ar fáil ar ár suíomh gréasáin, agus tá oiliúint curtha ar an fhoireann uile an Ombudsman maidir leis an gcur chuige sin. Rinneamar iarrachtaí comhbheartaithe freisin chun ár bhfor-rochtain a leathnú, agus chuamar i dteagmháil le hionadaithe ó roinnt grúpaí cosanta agus leochaileacha. Chuireamar feabhas ar inrochtaineacht ár suíomhanna gréasáin agus chuireamar feabhas ar thabhairt isteach ár gcláir idirbhliana i scoileanna DEIS trí dhul i gcomhpháirtíocht le Clár Rochtana Choláiste na Tríonóide.

Rinneamar ár n-athmheasúnú ar ár nDualgas Earnála Poiblí maidir le comhionannas agus cearta an duine in éineacht leis an gcomhairliúchán Straitéise, agus chuamar i dteagmháil leis an bhfoireann agus le páirtithe leasmhara seachtracha trí shuirbhéanna agus ceardlanna. Tá sé phríomhchuspóir sainaitheanta againn dár bplean oibre nua maidir le Comhionannas agus Cearta an Duine, maidir le hionad oibre inrochtana; cumarsáid inrochtana; for-rochtain inrochtana; cinntí lena n-urramaítear cearta an duine agus an comhionannas; áit oibre ina n-urramaítear cearta an duine agus an comhionannas; agus folláine san ionad oibre. Tá ár n-athmheasúnú ar an Dualgas Earnála Poiblí agus ár bplean oibre le fáil ag anseo.

## Gníomhú ar son na haeráide

Aithníonn ár n-eagraíocht go bhfuil ceannaireacht chomhchoiteann ar fud na hearnála poiblí ag teastáil chun sprioc cheangailteach dlí na hÉireann a bhaint amach, is é sin laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030, agus neodracht ó thaobh fuinnimh faoi 2050. I gcomhréir leis na huaillmhianta san Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021 agus sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide ag an Rialtas, táimid ag cur inbhuanaitheacht i ngach gné dár gcuid oibre.

Táimid ag tabhairt tús áite do bhearta a laghdaíonn ár lorg carbóin, a fheabhsaíonn éifeachtúlacht acmhainní, agus a chuireann cleachtais inbhuanaithe chun cinn inár n-oibríochtaí. Áirítear leis seo tomhaltas fuinnimh a laghdú ar fud ár n-áitreabh, dramhaíl a íoslaghdú, tacú leis an bhfoireann roghanna níos inbhuanaithe a dhéanamh maidir leis an gcaoi a n-oibríonn siad agus a thaistealaíonn siad agus caighdeáin soláthair níos glaise a ghlacadh. Agus ár gcaighdeáin maidir le húsáid na hintleachta saorga á bhforbairt againn inár gcuid oibre, déanfaimid ár ndícheall a chinntiú go gcuirfear an inbhuanaitheacht san áireamh.

Tá obair ár bhFoireann Ghlas Foirne lárnach don iarracht seo, a bhfuil ról ríthábhachtach aici i gcur chun cinn tionscnamh inbhuanaitheachta ar fud na heagraíochta. Téann an Fhoireann Ghlas i mbun oibre le comhghleacaithe trí fheachtais feasachta, gníomhartha praiticiúla agus smaointe nuálacha a chabhraíonn le hinbhuanaitheacht a ionchorprú i ngnóthaí laethúla. Neartaíonn a gcuid oibre ár gcultúr freagrachta comhchoitinne agus cinntíonn sí go bhfuil deis ag gach ball foirne cur le gníomhaíocht dhearfach ar son na haeráide . Mar chuid den chomhairliúchán Straitéise, chuaigh baill den Fhoireann Ghlas i dteagmháil le baill foirne i ngrúpaí beaga ar leithligh maidir le gníomhaíocht inbhuanaitheachta, agus cuirfear a gcuid moltaí agus a dtuairimí ar ais chuig an bhFoireann Ghlas.

# An chaoi ar fhorbraíomar an plean seo

Coimisiúnaíodh Hannah Grene agus Eva Early as Barncat Consulting chun cuidiú linn ár bplean a fhorbairt, agus iad ag obair go dlúth leis an Ard-Stiúrthóir, Ceann na Pleanála Straitéisí, agus an Coiste Comhairleach Bainistíochta. Chuir Hannah agus Eva na nithe seo a leanas i gcrích:

- Suirbhé inmheánach foirne
- Suirbhé inmheánach agus seachtrach ar pháirtithe leasmhara do gach comhlacht reachtúil
- Sraith ceardlann, a bhí ar fáil do gach ball foirne
- Cruinnithe le gach comhlacht reachtúil nó le rannóg den eagraíocht
- Líon beag agallamh le príomhpháirtithe leasmhara

Tá tuarascáil ar an gcomhairliúchán seachtrach le fáil ar ár suíomh gréasáin.

Bhí roinnt creataí beartais ríthábhachtach freisin chun an plean sin a fhorbairt. Tá Plean Gníomhaithe an Rialtais ar son na hAeráide mar bhonn eolais dár n-iarrachtaí inbhuanaitheachta, mar a leagtar amach thuas, agus leagtar amach i nDualgas na hEarnála Poiblí ár n-iarrachtaí chun comhionannas a chur chun cinn agus cearta an duine a chosaint.

Tá ár straitéis ag teacht freisin le Plean Seirbhísí Poiblí Digiteacha 2030 an Rialtais maidir lenár bpleananna digiteacha féin agus maidir leis an gcaoi a dtéimid i dteagmháil le comhlachtaí seirbhíse poiblí eile.

Cé go mbaineann Prionsabail na Veinéise maidir le hInstitiúid an Ombudsman a chosaint agus a chur chun cinn le bunú institiúidí Ombudsman ar fud an domhain, creidimid go bhfuil feidhm chomhionann ag a bprionsabail neamhspleáchais agus neamhchlaontachta maidir lenár nOifigí uile, agus go léirítear iad inár luachanna.

Ar deireadh, cuirimid san áireamh freisin Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, lena gcuirtear treoirphlean domhanda comhroinnte ar fáil don tsíocháin agus don rathúnas do dhaoine agus don phláinéad.  Tá cur chuige uile-rialtais glactha ag Éirinn chun na spriocanna sin a bhaint amach, agus tá ról ar leith ag ár nOifig maidir le Sprioc 16 maidir le síocháin, ceartas agus institiúidí láidre a bhaint amach. I bhfianaise shainorduithe ár gcomhlachtaí aonair, agus ár mbéim ar éagóir agus idirghabháil a leigheas idir daoine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn agus comhlachtaí poiblí atá faoinár sainchúram, tá ról lárnach againn maidir le hinstitiúidí éifeachtacha, cuntasacha agus ionchuimsitheacha a thógáil ar gach leibhéal.

.

Foilsithe ag Oifig an Ombudsman,
6 Ardán Phort an Iarla , Baile Átha Cliath 2 , D02 W773